

### An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**Junior CYCLE**  
 for teachers

### Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann


D'oibrigh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) agus foireann Ghrafaic Jct4 i gcomhar le chéile ar thionscadal dar teideal "[Dea-dhearadh sa Ghnáthshaoil](#)". Is féidir iontrálacha na scoláirí a fheiceáil thíos.



Míle buíochas leis na múinteoirí Grafaice agus lena gcuid scoláirí a chuir saothar scoláirí ar fáil don taispeántas.

### Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

I gcomhar le Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, tá blascheardlann, 'Maidir leis an Ailtireacht' á tairiscint ag na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, a thabharfaidh deis do mhúinteoirí príonsabail na haitireachta a fhiosrú trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus trí phlé.



Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar [artsinjuniorcycle.ie](http://artsinjuniorcycle.ie) nó cliceáil ar an mbileogín thuas.

## Fáilte

Fáilte chuig Nuachtlitir Ghrafaic Jct4 Fómhar 2021. Guímid gach rath ar gach múinteoir Grafaice sa bhliain amach romhainn. San eagrán seo, aibhseoidimid do mhúinteoirí Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí roinnt nuashonruithe agus forbairtí a rinneadh le déanaí.

## Nuashonruithe Measúnaithe 2021/2022

### Measúnú Rangbhunaithe 2 (MRB 2)

An fearann do MRB 2: Is féidir scileanna cur i láthair grafacha a rochtain [anseo](#). nó trí chliceáil ar an íomhá ar dheis. Tá na príomhdhátaí a bhaineann le MRB 2 leagtha amach ar leathanach a trí den doiciméad [Socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích, cohórt scoláirí 2019 – 2022](#) a d'eisigh an CNCM agus is féidir teacht air freisin trí chliceáil [anseo](#). Tá na príomhdhátaí leagtha amach sa tábla thíos freisin. Tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí uile Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí an-eolach ar an gcáipéis ['Treoirínte do Mheasúnuithe Rangbhunaithe'](#).

**MRB 2: Cliceáil anseo don Réimse 2021/2022**

### Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 15 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair 2021

### Coigeartuithe ar an Tionscadal agus ar an Scrúdú Deiridh do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí


D'eisigh an Roinn Oideachais "[Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2022](#)". Ar leathanach 89 den doiciméad sonraítear na coigeartuithe don Ghrafaic a aibhsítear san íomhá thíos. Is féidir an doiciméad a íoslódáil trí chliceáil [anseo](#).

<b>LEIBHÉAL</b>  Comhleibhéal	<b>SOCRÚ REATHA</b>  <b>COMHPHÁIRTEANNA</b>  Cuireann an measúnú obair chúrsa marcáilte go seachtach agus scrúdú scríofa san aireamh	<b>ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022</b>  <b>OBAIR CHÚRSA</b>  Eiseofar an doiciméad a bhaineann le Tionscadal an Scoláire i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí go díreach i ndiaidh an spríodhata le haghaidh MRB 2 a chríochnú. Ní gá 'Bileog 3 - Cur i Láthair Dearaidh Ríomhchuidithe (CAD)' atá mar ghné de Tionscadal an Scoláire a chur chun críche agus a chur i láthair don tSraith Shóisearach in 2022.
<b>SCRÚDÚ SCRÍOFA</b>  Gan aon leasú.		

## Acmhainní Úsáideacha

Tá roinnt acmhainní reatha ag an bhfoireann Ghrafaice a d'fhéadfadh a bheith tairbheach do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt scoláirí trí na compháirteanna éagsúla measúnaithe sa bhliain acadúil seo. Cliceáil ar gach íomhá thíos chun tú a threorú chuig an áit a bhfuil siad ar shuíomh gréasáin SSM.

### Ag Cabhrú le Taighde Rathúil Scoláirí



### Leideanna Grianghrafadóireacht Teileafóin



### Meáin a Fhoinsíú ar Líne

Meáin	Grianghraf	Áiríocht	Éireann	Uachtair na hÉireann
Unipack www.unipack.com	✓	✗	✗	✗
Peasats www.peasats.com	✓	✗	✓	✗
poobooj a7 www.poobooj.com	✓	✓	✓	✗
FlatIcon www.flaticon.com	✗	✓	✗	✓
www.themegallery.com	✓	✓	✗	✓

### Coinnigh i dteagmháil

Chun coinneáil suas chun dáta le Grafaic Jct4, téigh ar ár [liosta seoltaí](#) agus lean ar bhfotha Twitter [@Jct4ed](#)



## Pleanálaí digiteach

Chun cabhrú le múinteoirí, d'fhorbair foireann Jct4 leagan Bhileoga Google den Uirlis Phleanála Dhigiteach. Tá an [Uirlis Phleanála Dhigiteach don Ghrafaic](#) ar fáil anois i leagan inearthóireachta Bileoga Google chomh maith le formáid inearthóireachta Microsoft Word agus Excel. Chun an úsáid is fearr a bhaint as an acmhainn phleanála seo, moltar an [bhileog faisnéise ghaolmhar](#) a léamh sula dtosóidh tú ag plé le leagan Bhileoga Google den Phleanálaí Digiteach.



## Deiseanna foghlama

Bímid i gcónaí ag faire amach d'acmhainní a d'fhéadfadh cabhrú le foghlaim a ghníomhachtú i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí. D'fhéadfadh tabhairt faoi na torthaí foghlama seo a leanas ach cuid de na hacmhainní thíos a úsáid.


- 2.4 léirthuisicint a bheith aige do ról na grafaice 3T i réitigh a chruthú
- 3.3 a thuiscint spásúil a thaispeáint le samhltú agus/nó ionsamhl
- 2.1 ionramháil earraí 3T a amharcléiriú
- 3.1 saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint



Dearadh Eirgeanamaíoch



Cón Síúcra



Uirlisí Laethúla


## Ag dréim le 2021-2022

Cuirimid fáilte roimh bhail nua chuig foireann Jct4 agus guímid gach rath ar iarbhail foirne a bhog ar aghaidh chuig ról nua. Bliain stairiúil a bheas i mbliain acadúil 2021/2022 agus múinteoirí agus scoláirí na Tríú Bliana ag leanúint ar aghaidh lena dturas foghlama i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí. Beidh siad ag plé don chéad uair le MRB 2, tionscadal atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, agus le scrúdú deiridh. Tá ábhair FGL a bhforbairt ag foireann Ghrafaic Jct4 faoi láthair do 2021/2022.


Ar ár sceideal FGL, gheofar FGL lárnach agus roghnach agus mar sin coinnigh súil amach le haghaidh comhfhreagrais ón bhfoireann. Mholfaimis do gach múinteoir Grafaice clárú lenár [liosta seoltaí](#) agus coinneáil suas chun dáta le gach imeacht. Má tá aon duine de do chomhghleacaithe nach bhfuil cláraithe ar an liosta seoltaí seo, mholfaimis dóibh é sin a dhéanamh. Fan i dteagmháil le [foireann Ghrafaic Jct4](#).



Gerard Duff



Tanya Powell



Ruairí Farrell



John Kilgannon

Le dea-mhéin,  
Foireann Ghrafaice Jct4



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
JuniorCYCLE  
for teachers